FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

# Turlaigh

**Is é is turlaigh ann, lochanna a imíonn as ar feadh chuid den bhliain, gan le feiceáil ach urlár an locha gona fhéara, a chíbeanna agus a luibheanna. Is i gceantair aolchloiche taobh thiar den tSionainn a fhaightear iad. Níl a macasamhail le fáil i dtír ar bith eile ar domhan. Is díol mór spéise na plandaí agus na hainmhithe a fhásann agus a chónaíonn ar na turlaigh agus b'fhiú go mór cuairt a thabhairt ar cheann acu agus staidéar timpeallachta a dhéanamh ann. Ar an drochuair, táthar i ndiaidh cuid mhór de na turlaigh a dhraenáil, agus tá an méid atá fágtha i mbaol a gcaillte mar gheall ar dhraenáil artaireach nó mar gheall ar dhraenáil a dhéanann feirmeoirí áitiúla. Ba chóir cuid de na turlaigh a chaomhnú mar eiseamláir ar an ngné shainiúil seo dár n-oidhreacht nádúrtha.**

## Lochanna Séasúracha

An té a bheadh ag taisteal trí chuid d'oirthear Mhaigh Eo agus na Gaillimhe le linn an gheimhridh, d'fheicfeadh sé cuid mhaith lochanna nach dtaispeántar ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis. Mhéadódh ar a mhearbhall dá bhfeicfeadh sé na ballaí cloiche a théann chomh fada le cuid de na lochanna seo, nó fiú amháin na cuaillí teileagraif ag gobadh amach as lár an uisce iontu! Mar bharr ar an iomlán, bheadh na lochanna seo imithe gan tásc gan tuairisc faoin am a mbeadh an samhradh ann, agus ní bheadh le feiceáil ach talamh féarach agus eallach ar innilt. Is beag leid a bheadh ann a thabharfadh le fios go raibh an talamh faoi uisce riamh – an caonach dubh a chlúdaíonn na ballaí cloiche, cuir i gcás. Ach is amhlaidh gur turlaigh iad seo, seachas gnáthpháirceanna tuaithe.

'Turlaigh' a thugtar ar na lochanna aisteacha seo a bhíonn seal ann agus seal as. Is i gceantair aolchloiche taobh thiar den tSionainn a fhaightear an chuid is mó díobh. Meastar gur ón dá fhocal Gaeilge 'tur' ('tirim') agus 'loch' a fuarthas an t-ainm. Níl a macasamhail le fáil i dtír ar bith eile agus ní miste a rá gur cuid shainiúil dár n-oidhreacht nádúrtha iad. Is díol mór spéise do lucht eolaíochta iad. Déanann geomoirfeolaithe staidéar ar ghnéithe den tírdhreach, agus cuireann siadsan suim i bpróiseas cruthaithe na dturlach. Is le huisce a bhíonn hidreolaithe ag plé, agus bíonn siadsan ag iarraidh a fháil amach conas a líontar na turlaigh le huisce. Déann luibheolaithe staidéar ar an bhfásra míchoitianta a chlúdaíonn urlár na dturlach agus cuireann zú-eolaithe spéis sna hainmhithe a chónaíonn sna turlaigh. Is ábhar an-oiriúnach le haghaidh staidéir chomhshaoil áitiúil iad na turlaigh, toisc a oiread sin gnéithe spéisiúla a bheith ag baint leo.

Is sna hísealchríocha i lár na tíre atá formhór na dturlach, is é sin sa cheantar taobh thiar den tSionainn ina bhfuil cuid de na contaetha seo a leanas: Gaillimh, an Clár, Maigh Eo agus Ros Comáin. Tá dornán turlach le fáil i gcontaetha eile, mar shampla i Luimneach, i Sligeach agus ar an Longfort. Is san fhómhar a líontar formhór na dturlach le huisce, le linn Dheireadh Fómhair, de ghnáth. Triomaíonn siad am éigin idir Aibreán agus Iúil. Bíodh sin mar atá, tá turlaigh i gceantar na Boirne a líontar taobh istigh de chúpla uair an chloig le linn aimsir mhór bháistí. Folmhaítear chomh tapa céanna iad. Bíonn tionchar ag na taoidí ar thurlaigh áirithe. Ceann acu sin is ea Loch Caherglassaun atá 5 km ar shiúl ó Chuan na Gaillimhe. Le linn an tsamhraidh, líontar agus folmhaítear

**Is furasta** | difríocht a dhéanamh




**Cuid d'Ainmhithe na dTurlach**

an loch faoi dhó gach 24 uair an chloig. Formhór na dturlach, ní bhíonn an t-uisce iontu choíche níos doimhne ná timpeall 2 mhéadar, ach tá cuid díobh a mbíonn an t-uisce iontu i bhfad níos doimhne ná sin. I lár an gheimhridh, bíonn an t-uisce chomh domhain le cúig mhéadar (16 troigh) i gcuid de na turlaigh thart ar Ghort. Ná ní hionann méid na dturlach. Is i Rahasane, sa taobh thiar ó Chreachmhaoil, Contae na Gaillimhe, atá an turlach is mó in Éirinn. Clúdaíonn sé limistéar timpeall 250 heicteár (nó, más maith leat, 500 páirc peile).

## Conas a chruthaítear turlach?

Is i gceantair aolchloiche atá na tarlaigh uile go léir. Cloch is ea í nach bhfuil a leithéid eile ann, nó is amhlaidh a leánn uisce báistí í, go háirithe uisce báistí atá beagán aigéadach toisc dé-ocsaíd charbóin dul isteach ann de réir mar a ghluaiseann sé tríd an ithir. Déantar na scoilteanna nó na siúntaí sa charraig a leathadh go mór, ar shlí go n-imíonn mórchuid an uisce bháistí tríothu isteach faoi thalamh. D'fhéadfadh na scoilteanna seo a bheith chomh caol le cúpla miliméadar nó chomh fairsing le huaimh. Deirtear a leithéid seo d'aolchloch a bheith ina 'carst'. I dtaca leis an réigiún taobh thoir den tSionainn, is amhlaidh atá an aolchloch cumhdaithe ag deascadh ón Oighearaois, ach tá áiteanna in iarthar na tíre a bhfuil aolchloch íon iontu, nach bhfuil ach cumhdach tanaí deascadh iontu agus nach bhfuil aon ghréasán aibhneacha dromchla mar is ceart. Is faoi thalamh a imíonn an t-uisce báistí sna ceantair seo. Gluaiseann an t-uisce trí scoilteanna sa charraig go n-éiríonn arís ag toibreacha ar dhromchla na talún. Tá toibreacha móra i gceantair an iarthair, a ritheann isteach i Loch Coirib agus i gCuan na Gaillimhe. Sa gheimhreadh, áfach, ardaíonn an leibhéal uisce (nó 'an 'maoschlár) ar shlí go líontar na pasáistí faoi thalamh trína ngluaiseadh an t-uisce báistí go dtí na toibreacha. Níl aon bhealach éalaithe ag an uisce ach dul sa treo aníos agus is é seo is cúis leis an uisce teacht go dromchla na talún i bhfoirm thurlaigh. Is fiú a lua gurb aibhneacha saorga atá i gcuid mhaith d'aibhneacha na gceantar seo. Is amhlaidh a chruthaigh innealtóirí draenála iad sa tréimhse idir an naoú haois déag go dtí an lá inniu. Is trí thurlaigh a nascadh le chéile a cruthaíodh roinnt mhaith díobh. Is mar seo a cruthaíodh cuid mhaith d'Abhainn an Chláir, cuir i gcás. Turlach mór amháin a bhí sa pháirt láir den abhainn seo. Chlúdaigh sé limistéar 650 heicteár agus bhí sé ar an turlach ba mhó in Éirinn.

## Poill Slogaide

Is gnách go líontar agus go bhfolmhaítear turlaigh ag pointe ar leith ar a urlár. Corruair, bíonn poll nó pasáiste le feiceáil ach, níos minice ná a mhalairt, ní bhíonn le feiceáil ach log agus clocha ina bhun. Seans nach mbeadh sé furasta poll a thabhairt faoi deara le linn thriomach lár an tsamhraidh. Tá roinnt turlach ann ina bhfuil tobar in áit amháin agus poll slogaide in áit eile ar a n-urlár, ach is gnách go líontar agus go bhfolmhaítear an turlach tríd an aon pholl amháin. Tarlaíonn sé ar uairibh go mbíonn turlaigh á líonadh ag uisce abhann nó srutha chomh maith leis an uisce a éiríonn aníos chun talaimh.

An t-uisce a shlogtar sa pholl slogaide, is amhlaidh a ghluaiseann sé síos faoin talamh go n-éiríonn arís ag tobar. I gcás fhormhór na gcineálacha carraige, is go mall righin a ghluaiseann an screamhuisce seo (idir roinnt ceintiméadar agus roinnt méadar in aghaidh an lae), ach féadann an ghluaiseacht a bheith níos tapúla i gcás na haolchloiche carst: gluaiseann an t-uisce ón turlach go dtí an tobar ar luas chomh mór le 100 méadar in aghaidh uaire an chloig, nó fiú níos tapúla ná sin.

## Carbónáit chailciam

Tá aolchloch comhdhéanta de mhianra ar a dtugtar carbónáit chailciam. De réir mar a ghluaiseann an t-uisce tríd an aolchloch, déanann sé an charbónáit chailciam a dhíleá. Cruaitear an t-uisce de thoradh ar an bpróiseas seo, agus is é an próiseas céanna a fhágann coirt ar an taobh

**Trasghearradh a léiríonn comhdhéanamh turlaigh**



Aibhneacha agus turlaigh i gcuid de Chontae na Gaillimhe. A. Roimh dhraenáil artaireach na naoú haoise déag. (B) Sa lá atá inniu ann.




istigh de chiteal, mar scaoiltear an charbónáit chailciam as an tuaslagan de réir mar a bhíonn an t-uisce á théamh. Tarlaíonn rud an-chosúil leis seo sna turlaigh. Le linn don uisce a bheith ag éirí aníos tríd an talamh, bailíonn sé cuid mhór den charbónáit chailciam, a fhágtar ina screamh bán ar urlár an turlaigh. An té a bhreathnódh ar thurlach a folmhaíodh le gairid, seans go bhfeicfeadh sé brat bán ar an bhfásra ar urlár an turlaigh. Tá míniú eolaíoch ar an mbrat bán seo. Is amhlaidh a chailltear an dé-oscaíd charbóin san uisce i ndiaidh dó púscadh aníos go dromchla na talún. Imíonn an dé-ocsaíd charbóin ar ais san atmaisféar, agus baineann plandaí leas aisti ar mhaithe le fótaisintéis. Is é cailleadh seo na dé-ocsaíde carbóin is cúis leis an screamh den charbónáit chailciam ar dhromchla an turlaigh.

Corruair, i ndiaidh don turlach triomú, fágtar screamh neasbhán atá cosúil le duilleoga páipéir. 'Duilleoga algacha' a thugtar air seo, agus is é atá ann filiméid d'alga a mbíonn an-fhás faoi le linn don aimsir a bheith te agus a fhágtar ina luí ina sraitheanna nuair a fholmhaítear an turlach.

Breathnaigh ar thrinse draenála istigh i dturlach, nó déan féin poll le tarathar ithreach, agus seans go dtiocfaidh tú ar screamh a bhfuil dath bán nó dath uachtair air faoi bhun an fhásra nó faoi bhun shraith mhóna. 'Marla bán' a thugtar air seo agus is den charbónáit chailciam é. Tá a leithéid de mharla i dtuairim is leath na dturlach: fágadh ann é roinnt míle bliain ó shin, nuair nár lochanna séasúracha iad seo in aon chor, ach lochanna buana a bhí líonta d'uisce an t-am ar fad.

## Plandaí agus ainmhithe

Fásann brat íseal d'fhéara, de chíbeanna agus de luibheanna ar fhormhór na dturlach. Sa Bhoireann, cuir i gcás, bíonn an rú léana agus an cnó léana, gona bhláthanna deasa buí, ag fás ar feadh líne an bhairr láin. Díreach faoina bhun sin, bíonn an tsailchuach chon ag fás go rábach agus, i dturlaigh áirithe, gheofá báinseach dhlúth den tsailchuach chorraigh méadar amháin níos faide síos. Dath gorm spéire a bhíonn ar an tsailchuach chorraigh. Ar na plandaí eile a fhásann ar shleasa turlaigh tá magairlíní agus lus cré. Is minic gurb aon bhrat amháin brioscláin a fhásann timpeall leath bealaigh síos ar na sleasa, agus ar feadh bhun na dturlach éadomhain.

Más rud é go bhfuil ceantar riascmhar in aice an phoill slogaide, gach seans go mbeidh miontas ag fás ann, chomh maith le biolar, cineálacha éagsúla duilisc, fearbáin uisce agus glúineach a mbíonn leathchos ar thalamh tirim acu agus leathchos san uisce. Ach is amhlaidh nach mbíonn faic thart ar na poll slogaide ach clocha, le linn dóibh a bheith tirim ar aon nós. Bíonn na clocha seo clúdaithe le caonaigh uisce dhorcha thriomaithe (caonach turlaigh ar a dtugtar *Cinclidotus* agus caonach eile a fhaightear i sruthán, de ghnáth .i. *Fontinalis*).




**Cuid de Phlandaí na dTurlach**

Dar le daoine nach gcónaíonn ainmhí ar bith ar na turlaigh. Ní fíor sin, nó bíonn froganna agus earca sléibhe á sceith iontu, agus maireann garmacháin i gcuid de na turlaigh is mó. Cónaíonn siad sna scoilteanna creige faoi thalamh le linn don uisce a bheith íseal. Déanann dreancaidí agus míolta gorma an cleas céanna agus, fiú mura mbíonn iasc ar bith san uisce, bíonn míolta leochaileacha gorma agus dreancaidí uisce go flúirseach ann, cuid acu nach bhfaightear in aon áit eile in Éirinn. Gorann agus fásann siad go han-tapa, nuair nach bhfuil aon iasc san uisce a dhéanfadh seilg orthu. Bíonn leithphéisteanna agus seilidí go flúisreach ann chomh maith. Cuireann siad tréimhsí tirime thart i mbéal na dtoibreacha agus sna ceantair réisce.

I dtaca leis na turlaigh sin a mbíonn uisce iontu ó cheann ceann na bliana, is gnáthóga tábhachtacha d'éin iad. Tá clú ar Rahasane na Gaillimhe as na géanna bánéadánacha a bhíonn ann sa gheimhreadh, chomh maith le healaí glóracha, lachain rua, praslachain agus cuid mhór lapairí.

**Cuid de chearca fiáine na dturlach**



## Draenáil na dturlach

Talamh maith innilte is ea talamh na dturlach i gcomhair eallaigh, caorach agus capall, a bhuíochas sin don siolta lán aoil a fhágtar ann gach aon bhliain. Bíodh sin mar atá, dar lena lán feirmeoirí gur talamh díomhaoin atá in aon talamh a bhíonn faoi uisce go minic, agus déanann cuid díobh bealaí a sheiftiú chun na turlaigh a dhraenáil sa chaoi is gur féidir iad a úsáid fud fad na bliana. Is í an tseift is coitianta ná cainéal saorga a ghearradh tríd an turlach le haghaidh gach uisce a thabhairt ar shiúl. Is iomaí cainéal dá leithéid a dhéantar mar chuid de mhórscéim dhraenála artairí. Tá trian na dturlach in Éirinn tar éis a bheith draenáilte ar an gcaoi seo, agus tá an scrios ag leanúint ar aghaidh gan stop. Scéal an-tromchúiseach ar fad is ea é seo don chomhshaolaí. Ní mhairfidh plandaí agus ainmhithe sainiúla na dturlach beo gan na tuilte bliantúla. Is minic a fhaigheann an feirmeoir amach nach dá mhórleas féin an obair seo ach oiread – nuair nach bhfágtar aon siolta ar chlár na talún, féadann na páirceanna éirí chomh daibhir sin is go gcaithfidh leasacháin a chur orthu. Seans maith nach bhfuil an ithir féin sách dlúth le go bhféadfaí meáchan na n-ainmhithe a iompar ar feadh na bliana go léir.

Bheadh sé ag dul thar fóir, b'fhéidir, a rá nár cheart aon turlach eile a dhraenáil, ach is cinnte go gcaithfidh cuid acu a chaomhnú.

## Caomhnú na dturlach

Más rud é go bhfuil turlach in aice leat féin, is iomaí deis a bheidh agat féin le beart a dhéanamh. Is féidir, cuir i gcás, athruithe i leibhéal an uisce thar thréimhse bhliana a thaifead trí shlata tomhais a fheistiú sa turlach. Le linn don turlach a bheith ag líonadh nó ag folmhú, is féidir na toibreacha agus na poill slogaide a aimsiú.

Bí ag breathnú ar na cineálacha éagsúla fásra atá ar na sleasa agus sna codanna is doimhne den turlach. An bhfuil aon tátal le baint as na plandaí difriúla seo a d'inseodh dúinn cén t-am den bhliain a bhaineann an t-uisce leibhéal áirithe amach? Má tá tarathar ithreach agat, beidh tú in ann na sil-leaganacha a scrúdú. Is é is dóichí gur móin nó marla a bheidh ar bhun an turlaigh agus till oighreach ar sleasa (a bhféadfadh cré agus clocha cuíosach mór a bheith tríthi). An bhfuil aon tionchar ag na cineálacha sil-leaganacha ar fhásra na háite?

An bhfuil aon phlanctón ar leith nó aon ainmhithe sainiúla eile sa turlach? Cé chomh tapa is a chruthaítear coilíneacht ainmhithe ann? An mbíonn iasc ar bith ann? Cén cineál éisc? An dtagann éin ar a gcuairt le linn an gheimhridh? Foghlaim conas na héin a aithint agus coinnigh taifead rialta orthu ar feadh an gheimhridh. An bhfuil láithreacht nó neamhláithreacht seo na n-éan ag brath ar ghné áirithe amháin, cuir i gcás cruth nó méid an turlaigh, fásra giolcaí a bheith ann nó ainmhithe eile a bheith ann?

## Tuilleadh léitheoireachta

Níl mórán ábhair scríofa mar gheall ar thurlaigh, amach ó dhornán alt ar na tréimhseacháin eolaíochta. Cuid den chúis atá leis sin ná gur beag ár n-eolas orthu go fóill. Más mian leatsa tuilleadh eolais a fháil faoi thurlaigh, nó tá eolas agat féin faoi thurlach i do cheantar féin, b'fhearr duit dul i dteagmháil le taighdeoirí ollscoile a bhíonn ag plé le turlaigh, nó le Dúchas, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tá liosta turlach á réiteach ag Dúchas ar mhaithe le iad a chaomhnú. Ar na háiteanna arbh fhiú dul i dteagmháil leo tá:

*Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath:* Roinn na Zú-eolaíochta.

*An Coláiste Ollscoile, Gaillimh:* Roinn na Luibheolaíochta.

*Dúchas, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus na nOileán.*

Seo thíos roinnt leabhar ina bhfuil tagairtí do thurlaigh agus a gcuid fásra:

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (c. 1980) **Wetlands Discovered.** (Le fáil ó Dhúchas, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra).

O'Gorman, F. (1979) **The Irish Wildlife Book,** Irish Wildlife Publications, Baile Átha Cliath (leathanaigh 58-60).

Praeger, R. Lloyd (1950) **The Natural History of Ireland,** Collins, Ireland.

Webb, D.A. & Scannell, M. (1983) **Flora of Connemara and the Burren.** Royal Dublin Society, Cambridge.

---

Athchló is ea é seo ar Bhileog Acmhainní a réitigh Catherine Cox agus Julian Reynolds, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ba í an Roinn Staidéir Chomhshaoil, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a d'fhoilsigh i dtosach í.

*Arna eisiúint ag*
ENFO – An tSeirbhís
Eolais Comhshaoil,
17 Sráid San Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil: **1890 200 191, (01) 888 3910 / 888 3933**
Facs: **01-888 3946**
R.phost: **info@enfo.ie**
Gréasán: **www.enfo.ie**

*Is féidir scríobh nó bualadh isteach chugainn ag an seoladh thuas, nó breathnú ar sheastáin eolais ENFO in oifigí d'údaráis áitiúil féin nó i Leabharlann na Cathrach/an Chontae.*

*Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinne Comhshaoil & Rialtais Áitiúil*

*Clóite ar pháipéar athchúrsáilte*
Samhain 2001